



BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

16 Feabhra 2023*

(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas díreach – Cáin chorparáide – Airteagail 49, 63 agus 64 CFAE – Saoirse bunaíochta – Saorghluaiseacht caipitil – Diúscairt sócmhainní laistigh de ghrúpa cuideachtaí – Cuideachta a bhfuil cónaí uirthi chun críoch cánach i mBallstát a bhfuil a máthairchuideachta ina cónaí chun críoch cánach i mBallstát eile agus a bhfuil cónaí chun críoch cánach ar a chomhchuideachta i dtríú tír – Cearta maoine intleachtúla a aistriú ón gcuideachta a bhfuil a cónaí chun críoch cánach uirthi i mBallstát chuig a comhchuideachta a bhfuil a comhchónaí chun críoch cánach aici i dtríú tír – Diúscairt ag an gcuideachta a bhfuil cónaí uirthi chun críoch cánach i mBallstát de scaireanna ceann dá fochuideachtaí chuig a máthairchuideachta a bhfuil cónaí uirthi chun críoch cánach i mBallstát eile aici – Comaoin atá comhionann le luach margaidh na sócmhainní a aistríodh – Díolúine cánach nó cánachas ag brath ar staid cheanncheathrú na cuideachta tairbhí)

I gCás C-707/20,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Upper Tribunal (Tax and Chancery Chamber) [Ard-Chúirt (Dlísheomra Cánach agus Chancery), an Ríocht Aontaithe], trí bhreith an 29 Nollaig 2020, a fuarthas ag an gCúirt Bhreithiúnais an 29 Nollaig 2020, sna himeachtaí

Gallagher Limited

v

The Commissioners for Her Majesty's Revenue and Customs,

Tugann AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Jürimäe, Uachtarán Dlísheomra, M. Safjan, N. Piçarra, N. Jääskinen (Rapóirtéir) agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta ó bhéal,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a cuireadh isteach thar ceann iad seo a leanas:

– Gallagher Limited, ag I. Afzal, barrister, P. Baker, QC, S. Bond agus E. Buxton, solicitors,

* Teanga an cháis: an Béarla.

- Rialtas na Ríochta Aontaithe, ag L. Baxter agus F. Shibli agus ag J. Simpson, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó R. Baldry, QC, agus B. Elliott, barrister,
- an Coimisiún Eorpach, ag P.-J. Loewenthal agus W. Roels, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leis an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta ag éisteacht an 8 Meán Fómhair 2022

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

- 1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagail 49, 63 agus 64 CFAE.
- 2 Rinneadh an iarraidh seo i gcomhthéacs imeachtaí idir Gallaher Limited (“GL”), cuideachta a bhfuil cónaí uirthi chun críoch cánach sa Ríocht Aontaithe, agus na Commissioners for Her Majesty’s Revenue and Customs (an tÚdarás Cánach agus Custaim, an Ríocht Aontaithe) (an “t-Údarás Cánach”) maidir le dliteanas GL i leith cánach, gan an ceart chun íocaíocht cánach a iarchur, maidir le dhá idirbheart a bhaineann le diúscairt sócmhainní le cuideachtaí nach bhfuil a gcónaitheacht chun críocha cánach acu sa Ríocht Aontaithe, ar cuid den ghrúpa céanna cuideachtaí le GL iad.

An dlí lena mbaineann

An Comhaontú um Tharraingt Siar

- 3 Tugadh i gcrích an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO 2020 L 29, lch. 7, an “Comhaontú um Tharraingt Siar”) le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 (IO 2020 L29, lch. 1).
- 4 De réir an bhrollaigh a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, scoirfidh dlí an Aontais ina iomláine, faoi réir na dtéarmaí atá leagtha amach sa Chomhaontú sin, de bheith infheidhme sa Ríocht Aontaithe ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin.
- 5 Foráiltear leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, ina Airteagal 126, d’idirthréimhse, a thosaíonn ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin agus a chríochnaíonn an 31 Nollaig 2020, a mbeidh dlí an Aontais infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe lena linn, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa chomhaontú sin.
- 6 Foráiltear le hAirteagal 86 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, dar teideal “Cásanna os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh atá ar feitheamh”, i míreanna 2 agus 3:

“2. Leanfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh de dhlínse a bheith aici réamhrialuithe a thabhairt ar iarrataí ó chúirteanna agus ó bhinsí de chuid na Ríochta Aontaithe a rinneadh roimh dheireadh na hidirthréimhse.

3. Chun críocha na Caibidle seo, measfar [...] iarrataí ar réamhrialú a bheith déanta, an tráth a bheidh an doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí cláraithe ag Clárlann na Cúirte Breithiúnais [...]"

7 Foráiltear le hAirteagal 89(1) den Comhaontú um Tharraingt Siar:

“Breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a thugtar roimh dheireadh na hidirthréimhse, chomh maith leis na breithiúnais agus na horduithe sin a thugtar tar éis dheireadh na hidirthréimhse, sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 86 agus Airteagal 87, beidh brí cheangailteach acu ina n-íomláine maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.”

8 Tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020, de bhun Airteagal 185 den Chomhaontú sin.

Dlí na Ríochta Aontaithe

9 Faoi Airteagail 2 agus 5 den Corporation Tax Act 2009 (Acht Cánach Corparáide 2009, “CTA 2009”) agus Airteagal 8 den Taxation of Chargeable Gains Act 1992 (Acht um Chánachas ar Ghnóthachain Inmhuirearaithe 1992, “TCGA 1992”), tá cuideachta a bhfuil cónaí uirthi chun críocha cánach sa Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas cánach corparáide ar a brabúis go léir (lena n-áirítear gnóthachain chaipitiúla) arna réadú le linn na tréimhse cuntasaióchta iomchuí.

10 De bhun Airteagal 5(3) de CTA 2009, ní mór cuideachta nach bhfuil cónaí uirthi chun críocha cánach sa Ríocht Aontaithe ach a sheolann gnó ansin trí bhuanbhunaíocht atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe cáin a íoc ar na brabúis is inchurtha i leith na buanbhunaíochta sin. Ina theannta sin, faoi Airteagal 10B de TCGA 1992, tá cuideachta den sórt sin faoi réir cánach ar ghnóthachain chaipitiúla a thagann chun bheith dlite agus sócmhainní á ndiúscairt má tá na sócmhainní sin suite sa Ríocht Aontaithe agus má úsáidtear iad do riachtanais na gníomhaíochta tráchtála nó do riachtanais na buanbhunaíochta. Tá na sócmhainní seo cáilithe mar “sócmhainní inchánach” faoi Airteagal 171(1A) de TCGA 1992.

11 De réir Airteagail 17 agus 18 de TCGA 1992, meastar diúscairt sócmhainní a bheith déanta ar luach saothair atá comhionann le margadhluach na sócmhainní sin nuair nach ndéantar diúscairt den sórt sin faoi chomhaontú arna dhéanamh ar théarmaí seachas coinníollacha neamhthuilleamaí nó nuair a dhéantar é i bhfabhar duine gaolmhar.

12 Foráiltear le hAirteagal 170 de TCGA 1992:

“(1) Sa mhír seo, déantar míreanna 171 go 181 a léiriú, mura sonraítear a mhalairt [...].

(2) Mura sonraítear a mhalairt,

[...]

(b) tá feidhm ag míreanna (3) go (6) thíos chun a chinneadh an bhfuil cuideachtaí ina ngrúpa agus, má tá, cé acu príomhchuideachta an ghrúpa;

[...]

d) ní mór na coincheapa “grúpa” agus “fochuideachta” a léiriú leis na hoiriúnuithe go léir is gá nuair a bhaineann siad le cuideachta atá corpraithe faoi dhlí Stáit seachas an Ríocht Aontaithe.

(3) Faoi réir mhíreanna (4) go (6) thíos,

(a) is grúpa iad cuideachta (“príomhchuideachta an ghrúpa” de réir Airteagail 171 go 181) agus a fochuideachtaí ar fad ar úinéireacht 75% di; má tá fochuideachtaí faoi úinéireacht 75% ag aon cheann de na fochuideachtaí sin, áirítear iad sin sa ghrúpa, chomh maith lena bhfochuideachtaí ar úinéireacht 75% díobh, agus etc, ach

(b) ní áirítear i ngrúpa aon chuideachta (seachaspríomhchuideachta an ghrúpa) nach fochuideachta éifeachtach í atá ar úinéireacht 51% ag an bpríomhghrúpa.

(4) Ní féidir le cuideachta a bheith ina príomhchuideachta ghrúpa más fochuideachta í í féin faoi úinéireacht 75% cuideachta eile.

[...]”

13 Foráiltear le hAirteagal 171 de TCGA 1992 agus Airteagail 775 agus 776 de CTA 2009 (le chéile, na “Rialacha um Aistriú Grúpa”) nach mór diúscairt sócmhainní, arna dhéanamh idir cuideachtaí i ngrúpa atá faoi réir cháin chorparáide na Ríocht Aontaithe, a bheith ar bhonn cánach-neodrach.

14 Foráiltear le hAirteagal 171 de TCGA 1992:

“(1) Nuair a:

(a) aistríonn cuideachta (“cuideachta A”) sócmhainn chuig cuideachta eile (“cuideachta B”) ar dháta a bhaineann an dá chuideachta leis an ngrúpa céanna agus

(b) comhlíontar coinníollacha mhír (1A) thíos,

déileáiltear le Cuideachta A agus Cuideachta B, chun críocha cánach corporáide ar ghnóthachain chaipitiúla, amhail is dá mbeadh an tsócmhainn sin faighte ag Cuideachta B mar chomaoin ar luach saothair i méid a chinntíonn nach ndéanann cuideachta A aon ghnóthachan nó cailteanas ar an diúscairt.

(1A) Is iad seo a leanas na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1(b):

a) tá cuideachta A ina cónaí sa Ríocht Aontaithe ar dháta na diúscairthe, nó is sócmhainn inchánach í an tsócmhainn don chuideachta sin díreach roimh an dáta sin, agus

(b) tá cuideachta B ina cónaí sa Ríocht Aontaithe ar dháta na diúscairthe, nó is sócmhainn inchánach í an tsócmhainn don chuideachta sin díreach i ndiaidh an dáta sin.

Chun na críche sin, is “sócmhainn inchánach” í sócmhainn do chuideachta ar dháta áirithe nuair a bheadh, dá mbeadh an tsócmhainn le diúscairt ag an gcuideachta sin ar an dáta sin, aon ghnóthachan arna réadú ag an gcuideachta ina ghnóthachan inchánach agus ina cuid, faoi Airteagal 10B, dá brabús inchánach chun críocha cánach corporáide.

[...]”

15 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 775 de CTA 2009:

“(1) Tá aistriú sócmhainne doláimhsithe ó chuideachta amháin (an “[t-]aistritheoir”) go chuideachta eile (an “[t-]aistrí”) neodrach ó thaobh cánach chun críocha na Coda seo más rud é

- a) ar dháta an aistrithe, go mbaineann an dá chuideachta leis an ngrúpa céanna,
- (b) díreach roimh an aistriú, gur sócmhainn doláimhsithe inchánach an tsócmhainn atá i gceist don aistreoir, agus
- (c) díreach tar éis an aistrithe, gur sócmhainn doláimhsithe inchánach an tsócmhainn atá i gceist don aistrí.

(2) Le haghaidh iarmhairtí aistrithe atá neodrach ó thaobh cánach chun críocha na Coda seo, féach Airteagal 776.

[...]”

16 Foráiltear le hAirteagal 776 de CTA 2009:

“(1) Leagtar amach leis an Airteagal seo na hiarmhairtí a bhaineann le haistriú sócmhainne atá “neodrach ó thaobh cánach” chun críocha na Coda seo.

(2) Déileáiltear leis an aistriú chun na gcríoch seo mar rud nach mbaineann

(a) le réadú na sócmhainne ag an aistreoir, nó

(b) leis an tsócmhainn a fháil ag an aistrí.

(3) Caitear leis an aistrí chun na gcríoch sin

(a) sa chaoi go raibh sé i seilbh na sócmhainne i gcónaí agus í faoi úinéireacht an aistreora, agus

(b) sa chaoi go ndearna sé gach dícheall cuí maidir leis an tsócmhainn atá curtha i gcrích ag an aistreoir.

(4) Go sonrach,

(a) déileálfar le costas bunaidh na sócmhainne atá i lámha an aistreora mar bhunchostas na sócmhainne atá i lámha an aistrí, agus

(b) déileálfar le gach creidmheas agus dochar i leith na sócmhainne a bheidh curtha i gcuntas chun críocha cánach ag an aistreoir faoin gCuid seo amhail is dá mba rud é gur chuir an t-aistrí i gcuntas iad.

(5) Tagraíonn tagairtí do chostas na sócmhainne i mír (4)(a) do chostas aitheanta chun críocha cánach.”

17 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 764 de CTA 2009:

“(1) Tá feidhm ag an gCaibidil seo chun críocha na Coda seo chun a chinneadh an bhfuil cuideachtaí ina ngrúpa agus, má tá, cé acu príomhchuideachta an ghrúpa.

[...]”

18 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 765 de CTA 2009:

“(1) Is é an riail ghinearálta ná

(a) gur grúpa iad Cuideachta (“A”) agus gach fochuideachta faoi úinéireacht 75% di, agus

(b) má tá fochuideachtaí faoi úinéireacht 75% ag aon cheann de na fochuideachtaí sin, áirítear sa ghrúpa iad, chomh maith lena bhfochuideachtaí faoi úinéireacht 75%, agus srl.

(2) Tagraítear do A sa chaibidil seo agus i gcaibidil 9 mar phríomhchuideachta an ghrúpa.

(3) Tá míreanna (1) agus (2) faoi réir na bhforálacha seo a leanas den chaibidil seo.”

19 Foráiltear le hAirteagal 767 de CTA 2009:

“(1) Is é an riail ghinearálta nach bhfuil cuideachta (“A”) ina príomhchuideachta de chuid grúpa más fochuideachta 75% í féin de chuid cuideachta eile (“B”).

[...]”

20 Foráiltear le hAirteagal 59D den Taxes Management Act 1970 (Acht um Bainistiú Cánacha 1970, “TMA 1970”) mar seo a leanas:

“(1) Tá cáin chorparáide a bhaineann le bliain chuntasaíochta dlite agus iníochta ar an lá tar éis dul in éag do thréimhse naoi mí ó dheireadh na bliana sin.

(2) Má sháraítear an cháin iníochta ansin faoi iomlán na suimeanna ábhartha uile a íocadh roimhe sin (mar a léirítear sa tuairisceán cánach corparáide ábhartha), aisíoctar an barrachas.

[...]”

21 Faoi Airteagal 87A de TMA 1970, tá feidhm ag ús ar cháin neamhíochta ón dáta a thiocfaidh sé chun bheith dlite.

22 De réir Airteagail 55 agus 56 de TMA 1970, i gcás ina bhfuil achomharc déanta sa First-tier Tribunal (Tax Chamber) [an Binse Céadchéime (an Dlísheomra Cánach), an Ríocht Aontaithe] ar chinneadh na n-údarás cánach (lena n-áirítear fógra faoi dhúnadh páirteach) ag modhnú dearbhú cuideachta do thréimhse chuntasaíochta ar leith, féadfar íocaíocht na cánach seasta a chur siar trí chomhaontú leis na húdaráis chánach nó ar iarratas chuig an mBinse Céadchéime (an Dlísheomra Cánach) ionas nach mbeidh an cháin seo iníochta ach amháin nuair a bheidh cinneadh déanta ar an achomharc a tugadh os comhair na cúirte sin.

23 Foráiltear le hAirteagal 13(5), den Choinbhinsiún idir an Ríocht Aontaithe agus Cónaidhm na hEilvéise chun cánachas dúbailte a sheachaint, arna spreagadh ag Samhailchoinbhinsiún Cánach na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le cánacha ar ioncam agus ar chaipiteal, go ndéanfar gnóthachain chaipitiúla, nach mbeidh gnóthachain chaipitiúla a eascraíonn as aistriú sócmhainní, amhail na cinn a bhaineann leis na himeachtaí atá i gceist sna príomhimeachtaí, inchánach ach amháin sa chríoch ina bhfuil cónaí ar an aistreoir.

Na príomhimeachtaí agus na ceisteanna arna dtarchur chun réamhrialú

- 24 Baineann GL leis an ngrúpa cuideachtaí Japan Tobacco Inc. (“Grúpa JT”).
- 25 Is grúpa idirnáisiúnta é an Grúpa JT a dháileann táirgí tobac i 130 tír ar fud an domhain. Is cuideachta liostaithe í an chuideachta atá ag ceann an ghrúpa sin a bhfuil cónaí chun críocha cánach uirthi sa tSeapáin.
- 26 Is léir ón ordú tagartha gurb í an chuideachta atá ag ceann ghrúpa JT don Eoraip ná JTIH, cuideachta a bhfuil cónaí uirthi chun críocha cánach san Ísiltír (“an chuideachta Ísiltíreach”) agus atá ina máthairchuideachta ag GL, an caidreamh idir an chuideachta Ollannach agus GL á bhunú trí cheithre chuideachta eile, iad uile bunaithe sa Ríocht Aontaithe.
- 27 Le linn 2011, d’aistrigh GL chuig comhchuideachta, JTISA, a bhfuil a áit chónaithe chun críocha cánach san Eilvéis (“cuideachta na hEilvéise”) agus atá ina fochuideachta dhíreach de chuid na cuideachta Ísiltírí, cearta maoinne intleachtúla a bhaineann le brandaí tobac chomh maith le sócmhainní gaolmhara (“diúscairt 2011”). D’íoc cuideachta na hEilvéise an luach saothair a fuair GL mar mhalairt ar an diúscairt seo, a thug, chun na críche sin, iasachtaí idir chuideachtaí ón gcuideachta Ísiltíreach ar mhéid a chomhfhreagraíonn don luach saothair sin.
- 28 I rith 2014, dhíol GL an scairchaipiteal go léir a bhí aige i gceann dá fhochuideachtaí, cuideachta atá corpraithe ar Oileán Mhanann, leis an gcuideachta Ísiltíreach (“diúscairt 2014”).
- 29 Ghlac na húdaráis chánach dhá fhógra um dhúnadh páirteach maidir le diúscairt 2011 agus diúscairt 2014 faoi seach, ag cinneadh méid na ngnóthachan caipitiúil agus na mbrabús inchánach atá réadaithe ag GL i gcomhthéacs na ndiúscairtí sin le linn na dtréimhsí cuntais ábhartha. Toisc nach raibh na haistritheoirí ina gcónaí chun críocha cánach sa Ríocht Aontaithe, bhí an gnóthachan caipitiúil ar na sócmhainní faoi réir dliteanas cánach láithreach, toisc nach bhforáiltear le haon fhoráil sa dlí náisiúnta cánach d’iarchur an dliteanas seo nó d’íocaíocht cánach i dtráthchodanna.
- 30 Thug GL dhá achomharc i gcoinne an dá fhógra um fhoirceannadh pháirtigh sin os comhair an First-tier Tribunal (Tax Chamber) [an Binse Céadchéime (an Dlísheomra Cánach)].
- 31 I gcomhthéacs na n-achomharc sin, d’éiligh GL, go bunúsach, go raibh difríocht sa láimhseáil chánach idir na diúscairtí sócmhainní a bhí i gceist sna príomhimeachtaí agus na diúscairtí a rinneadh idir comhaltaí grúpa cuideachtaí a bhfuil cónaí orthu nó a mbuanbhunaíocht acu sa Ríocht Aontaithe, a bhaineann leas as díolúine ó cháin chorparáide. Is léir ón ordú tagartha go bhforáiltear leis na rialacha aistrithe grúpa nach mór diúscairt sócmhainní a dhéantar idir cuideachtaí i ngrúpa atá faoi réir cánach sa Ríocht Aontaithe a dhéanamh ar bhonn cánach-neodrach.

- 32 Ar thaobh amháin, maidir leis an gcaingean i gcoinne an fhógra um fhoirceannadh páirteach a bhaineann le diúscairt 2011 (“caingean 2011”), d’éiligh GL, ar an gcéad dul síos, gurbh ionann an neamhábaltacht íocaíocht an dliteanais chánach a chur siar agus srian ar shaoirse bhunaíochta na cuideachta Ísiltírí. Ar an dara dul síos, mar mhalairt air sin, d’áitigh sé gur cuireadh srian ar cheart na cuideachta Ísiltírí agus/nó GL chun saorghluaiseacht chaipitil mar thoradh ar an neamhábaltacht an íocaíocht sin a iarchur. Ar an tríú dul síos, d’áitigh GL, cé go raibh an Ríocht Aontaithe i dteideal gnóthachain chaipitiúla réadaithe cánach, ar bhonn dáileadh cothrom cumhachtaí cánachais idir na Ballstáit, go raibh an oibleagáid cáin a íoc láithreach, gan rogha chun íocaíocht a chur siar, díréireach.
- 33 Ar an taobh eile, maidir leis an gcaingean i gcoinne an fhógra um fhoirceannadh páirteach a bhaineann le diúscairt 2014 (“caingean 2014”), d’éiligh GL, ar an gcéad dul síos, b’ionann an neamhábaltacht íocaíocht an dliteanais chánach a chur siar agus srian ar shaoirse bhunaíochta na cuideachta Ísiltírí. Ar an dara dul síos, d’áitigh GL, i bprionsabal, cé go raibh an Ríocht Aontaithe i dteideal gnóthachain chaipitiúla réadaithe cánach, ar bhonn dáileadh cothrom cumhachtaí cánachais idir na Ballstáit, go raibh an oibleagáid cáin a íoc láithreach, gan rogha chun íocaíocht a chur siar, díréireach.
- 34 Ar an bhforas gur thaisc sé achomhairc 2011 agus 2014, chuir GL íocaíocht cánach corparáide siar go dtí go ndearnadh cinneadh ar na tuillteanais, mar a bhí sé i dteideal a dhéanamh, faoi alt 55 de TMA 1970.
- 35 Chinn an Binse Céadchéime (an Dlísheomra Cánach) go raibh gach diúscairt sócmhainní ar chúiseanna gnó maithe, nach raibh aon cheann de na diúscairtí sin mar chuid de shocruithe a bhí go hiomlán bréige nach raibh ag teacht leis an réaltacht eacnamaíoch agus nach raibh imghabháil cánach mar phríomhchuspóir nó mar cheann de príomhchuspóirí na diúscairtí sin.
- 36 Chinn an Binse sin gur sáraíodh dlí an Aontais maidir le diúscairt 2014, ach nár sáraíodh dlí an Aontais maidir le diúscairt 2011. Mar sin sheas sé le hachomharc 2014, ach dhiúltaigh sé achomharc 2011.
- 37 I ndáil leis sin, maidir le hachomharc 2011, chinn sé go háirithe nach raibh aon srian ar shaoirse bhunaíochta na cuideachta Ísiltírí. Maidir leis an gceart chun saorghluaiseachta caipitil, bhí sé den tuairim nach bhféadfaí an ceart sin a agairt, ós rud é nach raibh feidhm ag an reachtaíocht a bhí i gceist sna príomhimeachtaí ach amháin maidir le cásanna grúpaí comhdhéanta de chuideachtaí faoi rialú coiteann.
- 38 I gcomhthéacs achomharc 2014, rialaigh sé go háirithe go raibh srian ar shaoirse bhunaíochta na cuideachta Ísiltírí, go raibh an chuideachta sin inchomparáide go hoibiachtúil le cuideachta atá faoi réir cánach sa Ríocht Aontaithe agus go raibh an easpa ceart chun íocaíocht dliteanais cánach a iarchur díréireach.
- 39 Rinne GL achomharc in aghaidh chinneadh an Bhinse Chéadchéime (an Dlísheomra Cánach) ag díbh achomharc 2011 chuig an gcúirt atreoraithe, an Upper Tribunal (Tax & Chancery Chamber) [an Binse Uachtarach (an Dlísheomra Cánach agus Seansaireachta), an Ríocht Aontaithe]. Rinne na húdaráis chánach, as a gcuid féin, achomharc i gcoinne an chinnidh lenar deonaíodh achomharc 2014 os comhair an bhinse céanna sin.

- 40 Deir an chúirt a rinne an tarchur gurb í an cheist a ardaítear sna príomhimeachtaí ná an bhfuil, i gcomhthéacs diúscairtí 2011 agus 2014, an dliteanas cánach gan an rogha a bheith ann íocaíocht cánach a iarchur ag luí le dlí an Aontais, go sonrach, maidir leis an dá dhiúscairt sin, leis an tsaoirse bhunaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 49 CFAE, agus, maidir le diúscairt 2011, le saorghluaiseacht chaipitil dá dtagraítear in Airteagal 63 CFAE. Ceistíonn an chúirt sin freisin faoin mbeart ceartaitheach cuí ar cheart foráil a dhéanamh dó i gcás go measfaí go mbeadh dliteanas cánach gan an rogha a bheith ann íocaíocht cánach a iarchur contrártha do dhlí an Aontais.
- 41 Sna himthosca sin, chinn an Upper Tribunal (Tax & Chancery Chamber) [an Binse Uachtarach (an Dlísheomra Cánach agus Seansaireachta)] bac a chur ar na himeachtaí agus na ceistanna seo a leanas a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais le haghaidh réamhrialú:
- “1) An féidir Airteagal 63 CFAE a agairt i leith reachtaíochta náisiúnta amhail rialacha aistrithe grúpa, nach mbaineann ach le grúpaí cuideachtaí?
- 2) I gcás nach féidir Airteagal 63 CFAE a agairt ar bhealach níos ginearálta maidir le rialacha aistrithe grúpa, an féidir é a agairt mar sin féin:
- a) maidir le gluaiseachtaí caipitil arna ndéanamh ag máthairchuideachta a chónaíonn i mBallstát den Aontas chuig fochuideachta a bhfuil cónaí uirthi san Eilvéis, nuair a shealbhaíonn an máthairchuideachta 100% de scaireanna na fochuideachta a chónaíonn san Eilvéis agus an fochuideachta a chónaíonn sa Ríocht Aontaithe atá faoi réir an dliteanais chánach ábhartha?
- (b) maidir le gluaiseacht chaipitil arna déanamh ag fochuideachta 100% a bhfuil cónaí uirthi sa Ríocht Aontaithe chuig fochuideachta 100% a chónaíonn san Eilvéis ar leis an máthairchuideachta chéanna a chónaíonn i mBallstát den Aontas í, agus a fhios aici go bhfuil an dá chuideachta ina comhchuideachtaí agus nach bhfuil aon ghaolmhaireacht máthairchuideachta-fochuideachta eatarthu?
- 3) An ionann reachtaíocht ar nós na rialacha aistrithe grúpa, a chuireann faoi réir dliteanas cánach láithreach aistriú sócmhainní arna ndéanamh ag cuideachta a chónaíonn sa Ríocht Aontaithe chuig comhchuideachta a bhfuil cónaí uirthi san Eilvéis (agus nach ndéanann gnó sa Ríocht Aontaithe trí bhuanbhunaíocht) i gcás gur 100% ar lánúinéireacht an dá chuideachta sin de chuid máthairchuideachta chomhchoiteann a bhfuil cónaí uirthi i mBallstát eile, sna himthosca ina ndéanfaí aistriú den sórt sin ar bhonn cánach-neodrach dá mba rud é go ndéanfaí an chomhchuideachta; go raibh an chuideachta ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe freisin (nó go raibh gnó á seoladh aici ann trí bhuanbhunaíocht), agus srian ar shaoirse bhunaíochta na máthairchuideachta de réir bhrí Airteagal 49 CFAE nó, i gcás inarb infheidhme, srian ar shaorghluaiseacht chaipitil de réir bhrí Airteagal 63 CFAE?
- 4) I gcás inar féidir Airteagal 63 CFAE a agairt:
- a) an ionann aistriú na dtrádmharcanna agus na sócmhainní gaolmhara a rinne GL chuig [an chuideachta Eilvéiseach] mar mhalairt ar luach saothair a bheartaítear chun margadhluach na dtrádmharcanna sin a léiriú agus gluaiseacht chaipitil chun críocha Airteagal 63 CFAE?
- (b) an infheistíochtaí díreacha chun críocha Airteagal 64 CFAE iad na gluaiseachtaí caipitil a rinne [an chuideachta Ísiltíreach] i bhfabhar [na cuideachta Eilvéiseach], a fochuideachta san Eilvéis?

- (c) an féidir feidhm a bheith ag Airteagal 64 CFAE, ós rud é nach mbaineann sé ach le cineálacha áirithe gluaiseachtaí caipitil, in imthosca inar féidir na gluaiseachtaí caipitil a cháiliú mar infheistíochtaí (dá dtagraítear san Airteagal i gceist) agus mar chineál eile gluaiseachta caipitil nach dtagraítear dóibh san Airteagal céanna?
- 5) Dá mba rud é go raibh srian ann, an raibh an srian sin, arbh é an comhthionscnamh é go raibh údar maith leis i bprionsabal ar chúiseanna sáraitheacha leasa ghinearálta (is é sin an gá atá le dáileadh cothrom cumhachtaí cánachais a chaomhnú), riachtanach agus comhréireach de réir bhrí chásdlí na Cúirte Breithiúnais, go háirithe in imthosca ina bhfuil sé réadaithe ag an gcáiníocóir lena mbaineann, mar mhalairt ar dhiúscairt na sócmhainne atá i gceist, fáltais atá comhionann le luach margaidh iomlán na sócmhainne sin?
- 6) I gcás sárú ar an tsaoirse bunaíochta nó ar an tsaoirse gluaiseachta caipitil, nó fiú an dá shaoirse sin:
- a) an gceanglaítear le dlí an Aontais go ndéanfaí an dlí náisiúnta a léiriú nó a fhágáil gan a chur i bhfeidhm sa chaoi is go dtugtar rogha do GL íocaíocht cánach a iarchur?
- b) más amhlaidh, an gceanglaítear le dlí an Aontais go ndéanfaí an dlí náisiúnta a léiriú nó go bhfágfar é chun feidhm a bheith aige sa chaoi is go dtugtar rogha do GL íocaíocht cánach a iarchur go dtí go ndiúscaítear sócmhainní lasmuigh den fhoghrúpa arb é an chuideachta atá ina cónaí sa Bhallstát eile é an mháthairchuideachta (“ar bhonn réadaithe”), nó rogha íocaíochta cánach trí thráthchodanna (“ar bhonn tráthchoda”) ar nós gur beart ceartaitheach comhréireach é?
- (c) i gcás, i bprionsabal, gur beart ceartaitheach comhréireach an rogha cáin a íoc ina tráthchodanna:
- (i) [an amhlaidh an cás] más rud é go raibh an rogha seo ar áireamh sa dlí náisiúnta ar dháta na diúscairthe sócmhainne nó má tá sé ag luí le dlí an Aontais go ndeonófaí rogha den sórt sin faoi beart ceartaitheach iar-aimseartha (is é sin le rá go ndeonáíonn an chúirt a rinne an tarchur an rogha sin *a posteriori* trí léiriú comhsheasmhach a dhéanamh ar an reachtaíocht nó í a fhágáil gan cur i bhfeidhm)?
- ii) an gceanglaítear le dlí an Aontais ar chúirteanna náisiúnta beart ceartaitheach a dheonú a chuireann isteach chomh beag agus is féidir ar shaoirse dhlí an Aontais lena mbaineann nó an leor go ndeonóidh siad beart ceartaitheach a imíonn chomh beag agus is féidir ón dlí náisiúnta atá ann faoi láthair?
- iii) cén tréimhse íocaíochtaí tráthchoda atá riachtanach? Agus
- iv) an bhfuil beart ceartaitheach lena n-áirítear plean íocaíochta céimnithe faoina mbeidh íocaíochtaí dlite roimh an dáta a réitítear na díospóidí idir na páirtithe contrártha do dhlí an Aontais, nó i bhfocail eile, an gá go mbeadh dátaí dlite íocaíochta tráthchoda mar dhátaí amach anseo?”

An iarraidh chun an chuid ó bhéal den nós imeachta a athoscailt

- 42 Tar éis Tuairim an Abhcóide Ghinearálta a thabhairt, d'iarr WGL, trí dhoiciméad a taisceadh i gClárlann na Cúirte Breithiúnais an 29 Meán Fómhair 2022, go n-athosclófaí an chuid ó bhéal den nós imeachta, de bhun Airteagal 83 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.
- 43 Chun tacú leis an éileamh sin, áitíonn GL, go bunúsach, nár thuig an tAbhcóide Ginearálta gnéithe áirithe de dhlí na Ríochta Aontaithe agus fíricí áirithe na díospóide sna príomhimeachtaí, rud a thugann údar maith le héisteacht a reáchtáil.

- 44 Chuige sin, is ceart a choinneáil i gcuimhne go ndéanann an tAbhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas iomlán, aighneachtaí réasúnaithe i gcúirt oscailte ar chásanna ina n-éilítear a rannpháirtíocht i gcomhréir le Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Níl an Chúirt Bhreithiúnais faoi cheangal ag Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ná ag an réasúnaíocht ba bhun leis an Tuairim sin (breithiúnas an 8 Meán Fómhair 2022, *Finanzamt R (Laghdú CBL atá nasctha le ranníocaíocht scairshealbhóirí)*, C-98/21, EU:C:2022:645, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 45 Is ceart a choinneáil i gcuimhne freisin nach bhforáiltear i Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus sna Rialacha Nós Imeachta go bhféadfadh páirtithe leasmhara barúlacha a thíolacadh mar fhreagairt ar Thuairim an Abhcóide Ghinearálta. Dá bhrí sin, ní féidir easaontas páirtí leasmhair le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta, is cuma cad iad na ceistanna a scrúdaíonn sé sa Tuairim, a bheith ina fhoras ann féin a thugann bonn cirt d'athoscailt an chuid ó bhéal den nós imeachta (breithiúnas an 8 Meán Fómhair 2022, *Finanzamt R (Laghdú CBL atá nasctha le ranníocaíocht scairshealbhóirí)*, C-98/21, EU:C:2022:645, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 46 Lena argóintí, is cosúil go bhfuil GL ag iarraidh freagra a thabhairt ar Thuairim an Abhcóide Ghinearálta trí amhras a chaitheamh ar chuid den anailís a rinne sé.
- 47 Faoi Airteagal 83 dá Rialacha Nós Imeachta, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, tráth ar bith, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, a ordú go n-athosclófar an chuid ó bhéal den nós imeachta, go háirithe má mheasann sí nach bhfuil dóthain faisnéise os a comhair, nó i gcás, tar éis clabhsúr a chur leis an gcuid sin den nós imeachta, ina dtíolacfaidh páirtí fíoras nua a mbeidh a chineál ina thoisic chinntitheach ar bhreith na Cúirte Breithiúnais nó i gcás ina gcaithfear an cás a chinneadh ar bhonn argóint nár pléadh idir na páirtithe agus na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
- 48 Ní mór a thabhairt le tuiscint, áfach, nach dtugann na hearráidí fíorais agus dlí a líomhnaítear a bhfuil GL ag brath orthu údar maith le céim ó bhéal an nós imeachta a athoscailt.
- 49 Ar thaobh amháin, maidir leis an míthuiscint líomhnaithe ar an dlí náisiúnta, ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéanann GL earráid mheasúnaithe a agairt bunaithe ar léirmhíniú earráideach ar bhreithiúnas an 13 Márta 2007, *Test Claimants in the Thin Cap Group Litigation* (C-524/04, EU:C:2007:161). Ní féidir, áfach, go ndéanann GL léiriú difriúil ar an mbreithiúnas sin a bheith ina earráid mheasúnaithe ar an gcreat dlíthiúil náisiúnta, nach bhfuil an cur síos air i bpointí 7 go 14 de Thuairim an Abhcóide Ghinearálta faoi cheist ag an gCuideachta sin.
- 50 Ar an lámh eile, maidir leis an míthuiscint líomhnaithe ar fhíorais áirithe sna príomhimeachtaí, is leor a thabhairt faoi deara go bhfuil anailís an Abhcóide Ghinearálta ina Thuairim bunaithe ar na fíorais a chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl agus a chuirtear i láthair i bpointí 15 go 30 díobh den Tuairim sin.
